Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11011 — EQT / TRESCAL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 60/19)

1. An 9 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EQT Fund Management S.à r.l. ("EFMS", Lucsamburg), faoi rialú EQT AB ("EQT", an tSualainn);

— Talbot International SAS ("Trescal", an Fhrainc).

Gheobhaidh EFMS rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Trescal ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Gníomhaíonn EFMA mar an bainisteoir cistí le haghaidh agus thar ceann ciste áirithe de chuid EQT a rialaíonn agus a dhéanann infheistíocht i ngnólachtaí bonneagair san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh go príomha;

— Tá Trescal gníomhach, trína ghrúpa cuideachtaí, i seirbhísí tástála, iniúchta agus deimhniúcháin, seirbhísí calabrúcháin go príomha, do chustaiméirí, *inter alia*, sna hearnálacha aeraspáis, cosanta, fuinnimh agus tionsclaíochta, mótarfheithiclí agus iompair, eolaíochtaí beatha, leictreonaice, teileachumarsáide agus bia agus deochanna.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11011 — EQT / TRESCAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.